

TAISCE ACMHAINNÍ IOMPAIR NA SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA D'OIDEACHAS SPEISIALTA (STOS)



Treoirbhileog 20

SRAITÉIS CHUN AN DOCHAR A BHAINN AS EACHTRA SA RANG

Is cabhair í an straitéis seo chun an dochar a bhaint as eachtra sa rang agus chun cúrsaí a dhéanamh níos sábháilte do na daoine a bhfuil baint acu leis. Is dearbhphrionsabal lárnach é seo den chlár um Idirghabháil Géarchéime Teiripí (*Therapeutic Crisis Intervention*) a d'fhorbair Cornell University, Nua Eabhrac. Sna céimeanna thíos táimid ag iarraidh cabhrú leis an dalta teacht ar réiteach éigin nach dtarraingeoidh tuilleadh deacrachtaí nó coimhlinte anuas air.

Seo na céimeanna:

- Scar an dalta ón rud a tharla: déan iarracht an dalta a scaradh ó na daltaí eile nó a mhalairt. B'fhéidir, i dtuin dheas chainte, go bhfeadfá iarraidh ar an dalta seasamh taobh amuigh den seomra ranga.
- Éist go cúramach: éist leis an méid atá á rá ag an dalta agus léirigh go bhfuil tuiscint agat ar na mothúcháin sin. Déan iarracht neamhaird a dhéanamh d'aon iarrachtaí chun tús a chur le hargóint nó chun masla a dhéanamh ort féin nó ar dhaoine eile.
- Labhair go suaimhneach, muiníneach, measúil: léirigh meas don dalta ach bí daingean, fiú amháin agus an dalta ag déanamh caint ghoineach/ do do mhaslú / ag screadach (rud atá an-dúshlánach ann féin). Ag an bpointe seo b'fhéidir gurbh fhiú rialacha an ranga a mheabhrú don daltaí.
- Ráitis tuisceana: léirigh go bhfuil tuiscint agat ar mhothúchán / dhearcadh an dalta *"Tuigim go bhfuil fearg ort le... toisc.. mar sin féin, d'fhéadfadh bealaí eile a bheith ann chun freagairt do do chuid mothúchán"*.
- Iarr ar an dalta smaoineamh ar thorthaí dearfacha: iarr ar an dalta smaoineamh ar rudaí a d'fhéadfadh tarlú mar gheall ar a c(h)uid iompair agus iarr ar an dalta smaoineamh ar bhealaí eile. *"Chomh luath is a bheidh tú ar do shuaimhneas beimid in ann labhairt faoi cad is féidir linn a dhéanamh"*. Tá seans á thairiscint agat don dalta dul bealach eile agus níl tú ag cur an dalta i sáinn.
- Spás chun machnamh a dhéanamh: is gá spás fisiciúil agus ciúnas a bheith thart ar an dalta ionas gur féidir leis an dalta machnamh a dhéanamh ar an gcéad chéim eile is féidir leis/léi a ghlacadh agus muid ag súil go roghnóidh sé/sí an rogha is oiriúnaí / dearfaí. Tiocfaidh laghdú ar an méid brú a bheidh ar an dalta mar gheall air seo.
- Am a thabhairt don duine freagra a thabhairt: chomh luath is a bheidh rud éigin iarrtha agat nó roghanna tugtha agat don dalta, tabhair roinnt ama dó/di le cinneadh a dhéanamh, seachas brú a chur air/uirthi freagra a thabhairt láithreach, rud a chuirfidh tús le bruíon arís, b'fhéidir.